




Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

DRÉACHT Fodhlíthe Corr-Thrádála 2024

I gcomhréir le:
An tAcht Corr-Thrádála, 1995
agus
Rialacháin an Aontais Eorpaigh
(An tAcht Corr-Thrádála 1995) 2018



Déanann Ceantar Bardasach Thulach Mhór, Ceantar Bardasach Bhorra agus Ceantar Bardasach Éadan Doire, i bhfeidhmiú a gcumhachtaí faoi Alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995 agus faoi I.R. Uimh. 231/2014 Rialacháin um Rialtas Áitiúil (Feidhmeanna Forcoimeádta a Fheidhmiú i ndáil le Comhaltaí Ceantar Bardasach) 2014, na Fodhlíthe seo a leanas maidir le rialú, ainmniú, rialachán, maoirseacht agus riarachán na Corr-Thrádála i limistéir riaracháin Cheantar Bardasach Thulach Mhór, Cheantar Bardasach Bhorra agus Cheantar Bardasach Éadan Doire, laistigh de Chontae Uíbh Fhailí.

Is féidir tagairt do na Fodhlíthe seo mar Fhodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024.

Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm an ----- 2024 agus déanfar gach Fodhlí a rinne Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus iar-Chomhairlí Baile a chúlghairm an dáta sin.

SAINMHÍNITHE

Sna Fodhlíthe seo, beidh feidhm leis na sainmhínithe seo a leanas: -

- Ciallaíonn "An tAcht" an tAcht Corr-Thrádála, 1995.
- Ciallaíonn "an Chomhairle" Comhairle Chontae Uíbh Fhailí.
- Ciallaíonn "Oifigeach Údaraithe" aon duine arna cheapadh é ag gComhairle Chontae Laoise faoi Alt 10 den Acht Corr-Thrádála 1995.
- Ciallaíonn "Corr-Thrádálaí" aon duine nó a ghníomhaire ainmnithe, atá údaraithe chun corr-thrádail a dhéanamh de bhun an Achta Corr-Thrádála, 1995 agus na bhFodhlíthe seo.
- Ciallaíonn "Ceadúnas Corr-Thrádála" ceadúnas arna dheonú ag an gComhairle faoi Alt 4 den Acht Corr-Thrádála, 1995.
- Ciallaíonn "Limistéar Corr-Thrádála" an talamh atá ainmnithe sna Fodhlíthe seo, a rinneadh faoi Alt 6 den Acht, mar limistéar inar féidir corr-thrádail a dhéanamh.
- Tá le "Corr-thrádail" an bhrí a shanntar dó le hAlt 2 den Acht Corr-Thrádála,

1995.

- Ciallaíonn "Limistéar Ainmnithe" na láithreacha a d'fhéadfaí a ainmniú le haghaidh Corr-Thrádála sna Fodhlíthe seo.
- Áireofar le "Imeacht" féilte agus siamsaíocht sráide.
- Áirítear le "Díol, a bheith ag Díol nó Díolachán" comhaontú chun ní a thairiscint, a dhíol nó a chur ar taispeáint lena dhíol, nó tairiscint a iarraidh chun ní a cheannach.
- Áireofar le "Stalla", i dteannta a ghnáthbhrí, aon stalla nó bosca rothaí nó iniompartha, bac, cart, carbhán nó feithicil nó both eile nó seastán nó tíolacas eile a úsáidtear le haghaidh na corr-thrádála.
- Ciallaíonn "Bá Trádála nó Spás Trádála" aon cheantar ainmnithe agus sonraithe i gceadúnas arna eisiúint ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí chun críche trádála nó trádála imeachta.
- Ciallaíonn "feithicil" aon mhodh iompair daoine, táirgí margaidh nó aon earraí nó aon rud, is cuma más rud é go dtiomáintear go meicniúil í nó nach ndéantar.

TALAMH A AINMNIÚ MAR LIMISTÉAR CORR-THRÁDÁLA

1. Ní dhéanfar Corr-Thrádail ach amháin sna láithreacha atá ainmnithe chun na críche sin sa Chéad Sceideal leis na Fodhlíthe seo NÓ ag imeacht sonrach nó imeachtaí sonracha i gcibé láthair nó láithreacha eile a cheadóidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i gceadúnas arna eisiúint sa Cheathrú Sceideal leis na Fodhlíthe seo agus arna eisiúint de bhun Alt 4 (1) (a) (iii) den Acht.
2. Féadfar ceadúnas reatha d'ait trádála a chur ar fionraí le hOrdú Feidhmiúcháin ionas go n-éascófar Forbraíochtaí Reachta Poiblí, tógáil/cothabháil bóthair, cosáin nó bonneagair eile, nó ar láithreáin in aice nó ar chúiseanna oibríochtúla eile. Féadfaidh an Chomhairle áiteanna trádála malartacha a shannadh do shealbhóirí ceadúnais atá ann cheana tar éis comhairliúcháin, mar is cuí, ach iad a bheith ar fáil ar feadh fad ama na n-oibreacha.

3. Féadfar na láithreacha a leagtar amach sna Fodhlíthe seo a athbhreithniú bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Fhodhlí agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin má gá.

UAIREANTA TRÁDÁLA

4. Ní dhéanfar Corr-Thrádail ach amháin ag na hamanna agus na laethanta arna shonrú sa Dara Sceideal leis na Fodhlíthe seo.
5. Déanfar iarratais ar athruithe tráth an iarratais ar cheadúnas nó ar athnuachan agus déanfar iad a thaifeadadh ar an gceadúnas arna eisiúint.
6. Ní úsáidfídh aon duine an Limistéar Corr-Thrádála chun aon earraí a dhiol laistigh de leathuair an chloig ón am a thosóidh an trádáil ná ní cheadóidh sé d'aon earraí ar leis iad nó d'aon earraí atá faoina chúram a bheith sa Limistéar Corr-Thrádála níos mó ná leathuair an chloig i ndiaidh an ama arna shocrú le haghaidh dúnadh na trádála.
7. Féadfar na huairéanta trádála a leagtar amach sna Fodhlíthe seo a athbhreithniú bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Fhodhlí agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin má gá.

TÁILLÍ CEADÚNAIS

8. Beidh an táille bhliantúil chuí mar a leagtar amach sa Tríú Sceideal de na Fodhlíthe seo iníoctha leis an gComhairle sula n-eiseofar Ceadúnas Corr-Thrádála bliantúil le haghaidh gach Bhá Corr-Thrádála atá le leithdháileadh ar thrádálaí i Limistéar Corr-Thrádála.
9. Beidh táille mar á leagtar amach sa Tríú Sceideal de na Fodhlíthe seo iníoctha leis an gComhairle roimh ré le hiarratas ar Cheadúnas Corr-Thrádála a dheonú i leith Corr-Thrádála ag imeacht nó imeachtaí a shonraítear i gCeadúnas Corr-Thrádála le bheith eisithe de bhun Alt 4(l) (a) (iii) den Acht.
10. Féadfar na táillí agus muirir a leagtar amach sna Fodhlíthe seo a athbhreithniú bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Fhodhlí agus ar bhonn bliantúil ina

dhiaidh sin. Ní bheidh na táillí seo inaisíoctha sa chás go gcúlghairtear an ceadúnas.

11. Más mian le corr-thrádálaí scor de thrádáil ag an limistéar ainmnithe laistigh de thréimhse an cheadúnais, tabharfaidh sé/sí fógra don Chomhairle maidir leis an dáta scoir beartaithe tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine roimh ré agus tiocfaidh deireadh láithreach leis an gceadúnas sin ar dhul in éag dáta an scoir bheartaithe sin gan aon aisíocaíocht ar chor ar bith don chorr-thrádálaí.
12. Aon táille nó muirear atá dlite don Chomhairle agus nach bhfuil íoctha ag corr-thrádálaí, beidh sé in-aisghabhála mar fhiach conartha simplí i gcúirt dlínse inniúla.

CEANGLAIS CHEADÚNAIS

13. Ní rachaidh duine i mbun Corr-Thrádála mura bhfuil sé nó sí ina sheirbhíseach nó ina ghníomhaire atá ag gníomhú do dhuine a bhfuil Ceadúnas Corr-Thrádála aige atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus go bhfuil an Corr-Thrádáil de réir an cheadúnais.
14. Is í Foirm A (Ceadúnas Bliantúil) a leagtar amach sa Cheathrú Sceideal leis na Fodhlíthe seo an fhoirm fhorordaithe den fhógra a cheanglaítear a thaispeáint faoin bhFodhlí seo.
15. Duine atá ag tabhairt faoin gCorr-Thrádáil sa Limistéar Corr-Thrádála:
 - a. ní ghlacfaidh sé páirt sa Chorr-Thrádáil ach amháin ag an mBá Corr-Thrádála atá sonraithe sa Cheadúnas Corr-Thrádála arna dheonú ag an gComhairle agus arna uimhriú ar sceideal léarscáile, atá ceangailte leis na Fodhlíthe seo.
 - b. ní dhéanfaidh sé earraí a thrádáil ach amháin mar a shonraítear sa Chúigiú Sceideal agus mar a leagtar amach sa Cheadúnas Corr-Thrádála agus is é an Príomhfheidhmeannach agus a (h)ainmní a chinnefidh na hearraí sonraithe atá le díol, agus an meascán earraí agus éagsúlacht na hearraí a bheidh á ndíol i Limistéar Corr-Thrádála tráth dheonú na gceadúnas aonair.
16. Toirmiscfear alcól a dhíol.
17. Toirmiscfear earraí góchumtha a dhíol.

18. Toirmiscfear marsantacht pholaitiúil a dhíol.
19. Toirmiscfear go ginearálta earraí/táirgí a dhíol a mheasann an Chomhairle go bhfuil siad ar fáil cheana féin ó iocóirí rátaí áitiúla sa gharchomharsanacht.
20. Is ceadúnas neamh-inaistrithe é Ceadúnas Corr-Thrádála agus ní féidir é a dhíol, a ligean ná a fholigeán.
21. Ní cheadóidh an mangaire stalla d'aon duine seachas a fhostaithe agus a chúntóirí úsáid a bhaint as an stalla sin agus ní fhostóidh an mangaire stalla aon duine a bhfuil obair toirmiscithe air de bharr a aoise.
22. Is de réir rogha na Comhairle a dhéanfar aon bhá trádála a leithdháileadh agus ní thabharfaidh sin aon tionóntacht don trádálaí stalla ná an ceart chun an leithdháileadh sin a áitiú nó a aistriú.
23. Féadfaidh an Chomhairle nó a seirbhísigh nó a gníomhairí, cead a thabhairt, ó lá go lá, do chorr-thrádálaí bána trádála a úsáid go sealadach nuair nach bhfuil siad in úsáid go hiarbhír ag an gcorr-thrádálaí ar ar leithdháileadh iad nó sa chás nach bhfuil siad áitithe faoi 11.00 r.n.
24. Fágfaidh corr-thrádálaithe an limistéar ainmnithe láithreach más ga, chun a chur ar a gcumas don Chomhairle, dá hoifigigh, seirbhísigh nó gníomhairí aon cheann dá feidhmeanna reachtúla a dhéanamh.
25. Ní ráthaítear, trí Cheadúnas Corr-Thrádála a eisiúint, go mbeidh an áit ainmnithe ar fáil an t-am ar fad agus ní dhéanfar aon éileamh i gcoinne Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ar chúiteamh ná eile le haghaidh aon tréimhse nó tréimhsí nach mbeidh fáil ar an áit ainmnithe.
26. Taispeánfaidh aon duine a mbeidh Corr-Thrádál á déanamh aige sa Limistéar Corr-Thrádála uimhir an Cheadúnais Chorr-Thrádála sa Bhá Corr-Thrádála atá sonraithe sa Cheadúnas Corr-Thrádála ar fhógra san fhoirm fhorordaithe.
27. Déanfar an fógra a thaispeánfar de bhun na bhFodhlíthe seo a phéinteáil nó a ghreanadh nó a chlóscriobh agus a ghreamú ar ábhar marthanach, agus cuirfear ar taispeáint é in áit fheiceálach sa Bhá Corr-Thrádála arna sonrú sa Cheadúnas Corr-Thrádála ionas go mbeidh sé le feiceáil go soiléir agus furasta don phobal é a léamh san áit sin.
28. Coinneoidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí clár Ceadúnas Corr-Thrádála.
29. Féadfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Ceadúnas Corr-Thrádála a chúlghairm

dá lánrogha féin, dá ndéantar foráil san Acht Corr-Thrádála 1995.

30. Féadfar na ceanglais a leagtar amach sna Fodhlíthe seo a athbhreithniú bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Fhodhlí agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin má gá.

AN PRÓISEAS IARRATAIS

31. Duine a dhéanann iarratas ar an gComhairle chun Ceadúnas Corr-Thrádála a fháil, cuirfidh sé an fhaisnéis a iarrtar sna foirmeacha a leagtar amach sna hAguisíní ar fáil don Chomhairle, mar aon le cibé faisnéis bhreise a fhéadfaidh an Chomhairle a iarraidh chun críocha a cumhachtaí agus a feidhmeanna faoin Acht a fheidhmiú agus, más rud é go dteipeann ar an duine sin an tAirteagal seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Chomhairle an ceadúnas a deontas a dhiúltú don duine.
32. Déanfar iarratais ar Cheadúnais Corr-Thrádála ar an bhfoirm chuí a sheolfar chuig an Oifigeach Riaracháin Ceantair sa Cheantar Bardasach ábhartha.
33. Déanfar iarratas ar leithligh i ndáil le gach ceadúnas.
34. Ní mór deimhniú imréitigh cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim a chur isteach in éineacht le gach aon fhoirm iarratais chomhlánaithe.
35. Ní mór mionsonraí árachais, mar a leagtar amach thuas, a chur isteach le gach foirm iarratais chomhlánaithe.
36. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun Ceadúnas Corr-Thrádála a dheonú nó a dhiúltú.
37. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun teorainn a chur leis an líon ceadúnas a dheonóidh sí.
38. Leithdháilfidh an Chomhairle bána trádála ar leith ar cibé modhanna a chinnfidh sí, dá rogha féin.
39. Is de réir phróiseas roghnúcháin bunaithe ar an riar agus an éileamh a dhéanfar ceadúnas a leithdháileadh, go príomha, a leithdháilfear ceadúnas, mar sin féin ní choiscfear aon leithdháileadh ar crannchur nuair a mheastar é sin a bheith riachtanach.
40. Corr-thrádálaí nach n-éiríonn leis trádáil, ar lá amháin nó níos mó ná sin ar feadh ceithre lá trádála i ndiaidh a chéile, dlífeair leis/léi a cheadúnas/a ceadúnas a chúlghairm. Féadfaidh an Chomhairle, dá rogha féin, fógra a sheirbheáil ar

shealbhóir an cheadúnais go bhfuiltear tar éis a cheadúnas/a ceadúnas a chúlghairm don chuid eile de thréimhse an cheadúnais, agus go socróidh sé go n-athdháilfear an bá atá i gceist. Tabharfar an deis don sealbhóir a neamhláithreacht a mhíniú sula ndéanfar aon chinneadh maidir le cúlghairm an cheadúnais.

41. Ní dhéanfar Banna Trádála a mhalartú gan toiliú cuí na Comhairle a bheith faighte i scríbhinn.
42. Ní thabharfar aon tionóntacht ná ceart chun an spás sin a aitiú nó a aistriú ar an Trádálaí mar gheall ar leithdháileadh spás trádála le ceadúnas.
43. Féadfaidh an Chomhairle Ceadúnas Corr-Thrádála a chúlghairm más rud é go bhfuil an Chomhairle sásta go bhfuil coinníoll den cheadúnas á shárú, nó go raibh sé á shárú, nó má chiontaítear an duine dár deonaíodh é i gcion maidir le hallmhairiú, seilbh nó díol earraí a rinneadh fad a bhí sé ina shealbhóir ar cheadúnas corr-thrádála nó i gcion faoin Acht.
44. Forchoimeádann an Chomhairle, nuair is féidir, an ceart chun Corr-Thrádáil a thoirmeasc ar aon lá trádála, nó cuid de, i gcás ina dtarlaíonn cúinsí eisceachtúla a éilíonn toirmeasc den sórt sin. Tabharfaidh an Chomhairle fógra, nuair is féidir, d'aon sealbhóirí ceadúnais a bhfuil tionchar orthu sula dtiocfaidh aon toirmeasc den sórt sin i bhfeidhm.
45. Eisítear Ceadúnais Corr-Thrádála uair sa bhliain agus bíonn siad bailí ar feadh tréimhse 12 mhí ó Eanáir go Nollaig gach bliain. Ní mór d'iarratasóirí ath-iarratas a dhéanamh ar cheadúnas ar bhonn bliantúil tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair roimh an mbliain trádála atá beartaithe le bheith ag trádáil.
46. Féadfar an próiseas iarratais a leagtar amach sna Fodhlíthe seo a athbhreithniú bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Fhodhlí agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin, más gá.

TRÁDÁIL IMEACHTA

47. Sa chás nach bhfuil Trádáil Imeachta tugadh chun rialtachta trí phróisis iarratais eile, e.g. iarratas ar Úsáid Spás Oscailte Poiblí, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- a. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun ceadúnais trádála a bhronnadh ar thrádálaithe le haghaidh imeachtaí speisialta, féilte agus aontáí.
- b. Ní mór iarratais ar cheadúnais imeachta a dhéanamh 15 lá oibre ar a laghad roimh an dáta a mbeidh an trádáil ar siúl.
- c. Duine a dhéanann iarratas chuig an gComhairle ar Cheadúnas Corr-Thrádála le haghaidh Imeachta, soláthróidh sé nó sí don Chomhairle an fhaisnéis a leagtar amach in Aguisín II, in éineacht le haon fhaisnéis bhreise a d'iarrfadh an Chomhairle chun críocha a cumhachtaí agus a feidhmeanna faoin Acht a fheidhmiú agus, más rud é go dteipeanna ar an duine sin an tAirteagal seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Chomhairle an cheadúnas a deontas a dhiúltú don duine.
- d. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun cead a thabhairt chun trádáil a dhéanamh lasmuigh de na huaireanta a shonraítear sa Dara Sceideal i gcás imeachtaí áirithe.
- e. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun cead a thabhairt chun trádáil a dhéanamh lasmuigh de na limistéir ainmnithe sa Chéad Sceideal i gcás imeachtaí áirithe.
- f. Déanfar an trádáil de réir coinníollacha sonracha a ghabhann leis an 4 gceadúnas imeachta agus cloífidh an ceadúnaí go docht le gach aon choinníoll den cheadúnas sin.
- g. Ní dhéanfaidh an ceadúnaí a dhiol ag na himeachtaí seo ach amháin earraí arna gceadú iad ag an gComhairle mar a shonraítear sa Chúigiú Sceideal.

48. Is í Foirm B (Imeacht Speisialta) a leagtar amach sa Cheathrú Sceideal leis na Fodhlíthe seo an fhoirm fhorordaithe den fhógra a cheanglaítear a thaispeáint faoin bhFodhlí seo le haghaidh Corr-Thrádála ag imeacht.

49. Féadfar Trádáil Imeachta mar a leagtar amach sna Fodhlíthe seo a athbhreithniú bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Fhodhlí agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin, má gá.

DÍOLÚINTÍ

50. De bhun Alt 2(4) den Acht, ní áirítear le corr-thrádáil:

- a. Díol ábhair chlóbhuailte nó earraí diaganta nó reiligiúnacha ag eaglais nó áit adhartha nó i ngarchomharsanacht eaglais nó áit adhartha ar laethanta ina dtarlaíonn searmanais sheirbhíse nó searmanais reiligiúnacha eile ar siúl ann.
- b. Díol le duine san áit ina bhfuil cónaí air nó ina mbíonn gnó á sheoladh aige.
- c. Díol ina dtaispeánann an díoltóir:
 - i. Go n-úsáidtear aon bhrabúis ann chun críocha carthanúla nó chun críocha eile nach bhfaightear aon bhrabús uathu agus;
 - ii. Nach bhfaigheann an díoltóir nó a sheirbhísigh ná a ghníomhairí aon luach saothair, sochar nó brabús a dhéantar as.
- d. Díol i rith na tréimhse idir an 1 Bealtaine agus an 30 Meán Fómhair in aon bhliain:
 - i. a dhéanann an saothróir (de réir na brí a thugtar don abairt sin leis an Acht Corr-Thrádála 1995 (Alt 2 (3) de Rialacháin 2004), nó;
 - ii. faoi réir an choinníll a shonraítear i ndáil leis an bhfo-mhír seo ag na Rialacháin sin a bheith á gcomhlíonadh, ina sheirbhíseach nó ina ghníomhaire don saothróir ar cheann nó níos mó de na torthaí agus na glasraí seo a leanas, eadhon ina sheirbhíseach nó ina ghníomhaire don saothróir ar cheann nó níos mó de na torthaí agus na glasraí seo a leanas, eadhon – sútha talún, sútha craobh, fraocháin ghorma, spíonáin, sméara dubha, lóganchaora, caora tay, cuiríní agus; Prátaí a bhfuil craiceann scaoilte orthu agus ar lománaíodh iad roimh dóibh a bheith aibí.

OIBRIÚ AGUS COTHABHÁIL NA BÁ LENA N-ÁIRÍTEAR SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

51. Caithfidh an cineál stalla a úsáideann duine atá ag dul i mbun Corr-Thrádála a bheith faofa ag an gCeantar Bardasach ábhartha de Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, agus ní bheidh toisí an stalla sin níos mó ná méid sainithe na bá leithdháilte. Féadfar spásanna inrochtana a sholáthar ar a iarraidh sin agus nuair is féidir freastal orthu.

52. Ní mór don Chomhairle cineál agus cur i láthair an stalla a fhaomhadh.
53. Ní mór grianghraf den stalla beartaithe a chur isteach le gach iarratas agus ní mór don Chomhairle gach stalla a fhaomhadh.
54. Beidh an treoshuíomh agus an suíomh ina gceadófar trádáil laistigh den spás/bá corr-thrádála mar a léirítear ar na léarscáileanna sa Sceideal, nó mar a chinnfidh Oifigeach Údaraithe arna cheapadh chun corr-thrádáil a rialáil.
55. Ní mór do na stallai a úsáidtear a bheith sábháilte, socraithe agus láidir, a bheith 2.4 mhéadar in airde ó leibhéal na talún ar a mhéad, agus a bheith feistithe go cuí don tseirbhís áirithe atá beartaithe aige a chur ar fáil. Caithfidh an t-ábhar a chlúdaíonn stallai a bheith glan, sábháilte agus daingnithe go docht leis an bhfráma. Coinneofar an stalla i riocht sábháilte i gcónaí agus socrófar bacainní timpeall aon ghuais a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní féidir leis an corr-thrádálaí earraí a thaispeáint ach amháin laistigh de theorainn a stalla féin, mar sin ní chuirfidh earraí bac ar phasáiste saor tríd an margadh.
56. Beidh an trádáil teoranta don Bhá Leithroinnte ag an Limistéar Corr-Thrádála ainmnithe agus ní bheidh aon earraí tarchrochta ar stalla ná á dtaisce ar an talamh ach amháin sa Bhá Leithroinnte.
57. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun leagan amach inmheánach na mBánna Corr-Thrádála a athrú agus a leasú laistigh de na Limistéir Chorr-Thrádála ag am ar bith.
58. Cinnteoidh duine a sheolann gnó Corr-Thrádála sa Limistéar Corr-Thrádála go bhfanfaidh an Bá Corr-Thrádála, arna shonrú sa Cheadúnas Corr-Thrádála, gan athrú agus gan damáiste mar thoradh ar a Corr-Thrádáil.
59. Ní dhéanfar aon chraoladh nó óráid ó chóras aimpliúcháin mheicniúil ó aon stalla nó ó aon fheithicil agus ní bheidh aon fhuaim ard ó raidiúnna nó ó fhearais atáirgthe ceoil in aon stalla.
60. Tagann an úsáid gineadóirí, a úsáidtear le haghaidh Stallai Corr-Thrádála, faoi réir fhaomhadh roimh ré ón gComhairle. Comhlíonfaidh siad leibhéil torainn inghlactha agus beidh deimhniú déantóra ag teastáil chun an tsonraíocht a dheimhniú.
61. Coinneoidh duine atá i mbun Corr-Thrádála sa Limistéar Corr-Thrádála an spás Corr-Thrádála, atá sonraithe sa Cheadúnas Corr-Thrádála, i riocht glan agus

slachtmhar agus chuige sin déanfaidh sé: -

- a. na bearta atá de dhíth chun fágáil go nglantar an stalla i gceart díreach roimh earraí a bheith díolta ann, agus díreach i ndiaidh earraí a bheith díolta ann ar an lá i gceist.
 - b. na bearta atá de dhíth le go mbeidh an Limistéar Corr-Thrádála agus limistéar timpeall air, 50 méadar ar a laghad ar gha, a choinneáil saor ó bhruscar a tharlaíonn mar gheall ar an ngnó Corr-Thrádála mar atá ceadaithe ag ceadúnas.
 - c. Ní mór don sealbhóir ceadúnais gabhdán oiriúnach le haghaidh bruscair arna aontú leis an gComhairle a bheith aige, agus ní mór é sin a choinneáil i gcónaí san áit trádála. Comhlíonfaidh Corr-Thrádálaithe le gach aon cheanglas de chuid na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus aon Rialacháin nó Fodhlíthe a dhéantar faoina mbun.
 - d. Ní mór nach ligfear don bhruscar carnadh i gcóngarach na háite trádála le linn uaireanta corr-thrádála agus ag deireadh na trádála caithfidh an áit trádála a ghlanadh agus a dhiúscairt go léir agus a thaispeáint go ndéanann an sealbhóir ceadúnais an bruscar a dhiúscairt i gceart. Déanfaidh gach trádálaí a áit trádála a ghlanadh chomh minic agus is gá nó de réir mar a thugann an Ceantar Bardasach ábhartha, a fhostaithe nó a ghníomhaire, treoir amhlaidh a dhéanamh i rith an lae a bhfuil an stalla in úsáid chun earraí a dhíol.
 - e. Ní mór do thrádálaithe cloí leis an Acht um Thruailliú ó Bhruscar maidir le comharthaí a chuirtear suas i gcóngarach an láithreáin trádála.
62. Ní bheidh an Chomhairle freagrach as aon mhaoín a bhaineann le haon duine ar bith a thaiscfear nó a fhágtar in aon chuid den Limistéar Corr-Thrádála, ná as aon chaillteanas, damáiste nó diobháil a dhéantar mar gheall ar fhaillí aon trádálaí, a ghníomhairí, a gcuid fostaithe nó a gcuid custaiméirí.
63. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun stalláí atá le fáil ar an Limistéar Corr-Thrádála ainmnithe tar éis uaireanta trádála a thógáil agus/nó earraí nó earraí eile a fhágtar lasmuigh den Bhá Leithroinnte ag am ar bith a bhaint. Beidh an duine a fhágfaidh earraí den sórt sin faoi dhliteanas cibé muirir a chinnfeadh an Chomhairle ó am go ham a íoc.
64. Ní thabharfaidh ná ní iompróidh aon duine chuig an Limistéar Corr-Thrádála nó

uaidh, ná ní fhágfaidh sé sa Limistéar Trádála, aon earraí ar leis iad nó atá faoina chúram, ar bhealach a chuirfeadh bac ar phasáiste saor tríd an limistéar nó ag aon cheann de na bealaí isteach chuige ar feadh tréimhse ama is faide ná mar is gá go réasúnach chun earraí a lódáil agus a dhílódáil, nó ar bhealach a bheadh contúirteach do dhaoine eile.

65. Ní mór do na stalláí a bheith a bheith den chaighdeán is airde, á gcothabháil agus á gcur i láthair i gceart, agus caithfidh an Chomhairle iad a fhaomhadh roimh ré ar iarratas ar cheadúnas a fháil.

66. Má tá stalláí clúdaithe, caithfidh an t-ábhar a chlúdaíonn na stalláí a bheith glan, gan stróiceadh agus daingnithe go docht leis an bhfráma.

67. Ní bheidh rotha ná barraí tarraingthe le feiceáil.

SLÁINTEACHAS AGUS SLÁINTEACHAS BIA

68. Ní dhéanfar bia, is cuma más rud é go ndearnadh é a ullmhú nó nach ndearnadh, a thaispeáint, a stóráil nó a choinneáil ar aon bhealach eile ach amháin de réir na Rialachán um Shláinteachas Bia atá i bhfeidhm de thuras na huaire nó de réir aon rialacháin bhreise a fhéadfar a dhéanamh ina leith sin.

69. Beidh toirmeasc ar thobac a chaitheamh i stallaí corr-thrádála.

70. Ní bheidh corr-thrádálaí atá i mbun stalla ina chúis leis na nithe a leanas, ná ní cheadóidh sé do na nithe a leanas:

- a. Go ndéanfaí aon iasc a ghearradh, a scoilteadh nó a ghlanadh ag a stalla nó timpeall air.
- b. Go ndéanfaí aon éanlaith nó géim cleiteach a chluimhriú ag a stalla nó timpeall air.
- c. Go gcuirfí nó go nochtfáil le díol ar a stalla aon ghlasaí neamhghearrtha nó aon ghlasaí a mbeadh cré, ithir nó salachar greamaithe leis na fréamhacha.

71. Déanfaidh gach áititheoir stalla sa Limistéar Corr-Thrádála:

- a. na bearta atá de dhíth chun fágáil go nglantar an stalla i gceart díreach roimh earraí a bheith díolta ann, agus díreach i ndiaidh earraí a bheith díolta ann ar an lá i gceist agus
- b. Déanfaidh gach sealbhóir ceadúnais, ar a chostas féin, gabhdán oiriúnach a chomhlíonann ceanglais Oifigigh Údaraithe na Comhairle a sholáthar agus a úsáid chun bruscar/dramhaíl a dhiúscairt agus déanfaidh sé an áit trádála agus an limistéar máguaird a choimeád glan agus slachtmhar an t-am ar fad. Bainfeár na hearraí agus an stoc ar fad ón áit trádála ag deireadh gach lae trádála.

SRIANTA PÁIRCEÁLA SA LIMISTÉAR CORR-THRÁDÁLA

72. Gan cead a fháil roimh ré ón gComhairle, ní dhéanfaidh aon duine feithicil a pháirceáil sa Limistéar Corr-Thrádála le linn uaireanta trádála sannaithe.

73. Ní dhéanfaidh trádálaí ceadúnaithe feithicil a pháirceáil sa Limistéar Corr-

Thrádála le linn uaireanta trádála mura bhfuil an fheithicil sin in úsáid de thuras na huaire sin chun críche corr-thrádála agus go bhfuil sé páirceáilte go hiomlán laistigh de limistéar an spáis chorr-thrádála arna shonrú sa Cheadúnas Corr-Thrádála.

74. Déanfaidh trádálaí ceadúnaithe an fheithicil sin a bhaint ón spás Corr-Thrádála a shonraítear sa limistéar Corr-Thrádála gach lá ina bhfuil an corr-thrádail ceadaithe sa Cheadúnas Corr-Thrádála tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis dheireadh na n-uaireanta trádála.
75. Ní pháirceálfaidh trádálaí ceadúnaithe feithicil sa Limistéar Corr-Thrádála chun earraí a dhilódáil nó a tháirgeadh ar an Spás Corr-Thrádála a shonraítear sa Cheadúnas Corr-Thrádála níos luaithe ná aon uair an chloig roimh thús na n-uaireanta trádála.
76. Ní pháirceálfaidh trádálaí ceadúnaithe feithicil níos luaithe ná deireadh na n-uaireanta trádála sa Limistéar Corr-Thrádála chun earraí nó táirgí a lódáil ón Limistéar Corr-Thrádála arna shonrú sa Cheadúnas Corr-Thrádála.
77. Áirithíodh gach trádálaí stalla nach ndéanfar aon bhac nó nach ligfear d'aon bhac a dhéanamh d'úinéirí áitreabh agus a dtochraithe sa limistéar ina bhféadfaí trádáil stalla a dhéanamh.

ÁRACHAS

78. Déanfaidh duine atá i mbun gnó Corr-Thrádail a sheoladh sa Limistéar Corr-Thrádála an Chomhairle a shlánú i gcoinne aon ghníomh, éileamh nó iallach ar 11 bith a dhéanann aon duine a éilíonn damáistí i ndíobhálacha pearsanta, nó mar gheall ar chaillteanas nó damáiste a tharla de thoradh aon ghnímh, faillí nó mainneachtana a rinne an Corr-Thrádálaí sin, sheirbhísigh leis, nó fostaithe de thoradh a chuid gnó Corr-Thrádála a sheoladh, nó bainteach leis sin, sa Limistéar Corr-Thrádála, agus ceanglóidh an Chomhairle ar gach uile Chorr-Thrádálaí dá leithéid Árachas Dliteanais Phoiblí iomchuí a bheith i bhfeidhm acu i gcónaí le Cuideachta Árachais le bheith faomhadh ag an gComhairle lena n-árachaítear i gcoinne na rioscaí luaite roimhe seo suas go dtí €6,500,000, ar a laghad, maidir le haon eachtra amháin. Tá leas na Comhairle le bheith tugtha faoi deara go follasach soiléir sa pholasaí árachais sin agus má cheadaítear don pholasaí sin dul

in éag nó go gcuirtear ar neamhni é, beidh cead ag an gComhairle an Ceadúnas Corr-Thrádála a chúlghairm láithreach bonn.

OIFIGEACH ÚDARAITHE

79. Féadfaidh an Chomhairle Oifigeach Údaraithe nó Oifigigh Údaraithe a cheapadh chun an Limistéar Corr-Thrádála a bhainistiú agus a rialú. Comhlíonfaidh an Corr-Thrádálaí gach iarratas agus treoir dleathach a thugann Oifigeach Údaraithe nó comhalta de chuid an Gharda Síochána. Féadfaidh Oifigeach Údaraithe arna cheapadh ag an gComhairle nó ag comhalta de chuid an Gharda Síochána: -

- a. bealach a fháil isteach ar aon áit ina bhfuil cúis réasúnach aige lena chreidiúint go bhfuil an Chorr-Thrádáil ag leanúint ar aghaidh, agus iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh air.
- b. iallach a chur ar aon duine a bhfuil cúis réasúnach aige / aici go bhfuil sé nó sí ag i mbun na corr-thrádála a dhéanamh: -
 - i. ceadúnas corr-thrádála a thaispeáint, sa chás nach bhfuil sé ar taispeáint, lena n-údaraithe a leithéid de thrádáil agus cead a thabhairt don Oifigeach nó don chomhalta de chuid an Gharda Síochána an ceadúnas a scrúdú, agus
 - ii. más rud é go dteipeann air/uirthi, go mainníonn sé/sí nó go ndiúltaíonn sé/sí ceadúnas den sórt sin a thaispeáint nó, sa chás nach bhfuil sé ar taispeáint, a ainm/a hainm agus a sheoladh/seoladh a thabhairt don oifigeach agus, más seirbhíseach nó gníomhaire duine eile é/í, ainm agus seoladh an duine eile a thabhairt.
- c. cibé scrúdú agus fiosrú a dhéanamh de réir mar is gá leis chun a fháil amach an bhfuil forálacha an Achta nó na bhFodhlíthe seo á gcomhlíonadh
- d. a cheangal ar aon duine a bhfuil cúis réasúnach aige/aici a bheith ag gabháil do thrádáil ócáideach de shárú ar an Acht chun cibé faisnéis a thabhairt atá faoina chumhacht a thabhairt maidir le húinéireacht aon earraí a dhíoltar le linn chúrsa na trádála sin.

- e. Ní chuirfidh aon duine bac ar Oifigeach Údaraithe ná ar bhall den Gharda Síochána maidir le feidhmeanna a chomhlíonadh faoi na Fodhlithe seo, agus ní chuirfidh sé isteach air, ná ní thabharfaidh sé faisnéis bhréagach dó.

FÓGRAÍ A SHEIRBHEÁIL

80. I gcás ina gceanglaítear leis na bhFodhlithe seo fógra a sheirbheáil ar dhuine nó a thabhairt do dhuine, déanfar é a sheoladh chuige nó chuici agus a sheirbheáil air nó uirthi nó a thabhairt dó nó di ar cheann de na slite seo a leanas: -

- a. más faoina ainm nó faoina hainm a sheolfar é chuig an duine, trína sheachadadh nó trína seachadadh air nó uirthi;
- b. trína fhágáil ag an seoladh nó trína chur leis an bpost trí litir chláraithe chuig an seoladh ina bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi, nó chuig an seoladh is déanaí a fuair an Chomhairle ón gCorr-Thrádálaí chun críocha comhfhreagras a dhéanamh leis nó, i gcás gur tugadh seoladh le haghaidh seirbhísí, ag an seoladh sin;
- c. más rud é nach féidir an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi a fhionnadh trí fhiosrú réasúnach agus go gceanglaítear nó go n-údaraítear amhlaidh an fógra nó an chóip a thabhairt nó a sheirbheáil i leith aon Bhá Shannta, trína seachadadh ar dhuine éigin atá os cionn 16 bliana d'aois agus atá ar fostú nó ceangailte ar bhealach eile le dul i mbun gnó Corr-Thrádála lena mbaineann an fógra sa bhá shannta, nó trína ghreamú nó trína greamú in áit fheiceálach sa bhá shannta, nó gar di.

81. Chun críocha an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta arna clárú faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006, ag a hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.

82. Duine a sháróidh aon cheann de na Fodhlithe, beidh sé/sí ciontach in aon chion faoi Fho-Alt (12) d'Alt 6 den Acht agus beidh sé/sí faoi dhliteanas pionóis de réir mar atá sonraithe in Alt 14 den Acht.

GINEARÁLTA

83. Beidh an sceideal seo mar a chinnfear ó am go ham trí rún na Comhairle tar éis tréimhse comhairliúcháin phoiblí mí amháin ar a laghad lena n-áirítear, agus cuimsítear mar chuid de sin gur gá fógraíocht phoiblí agus aighneachtaí a chur isteach.

Tabharfar Fodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024 ar na Fodhlíthe seo, agus tiocfaidh siad i ngníomh an ____ lá de _____, 2024.

Ón lá sin, déanfar na Fodhlíthe Corr-Thrádála uile roimhe sin i gceantar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, a chúlghairm leis seo.

Arna dhéanamh agus arna ghlacadh faoi Ghnáth-Shéala Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí an lá seo de _____, 2024

STIÚRTHÓIRÍ SEIRBHÍSÍ

CATHAOIRLEACH

PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

DÁTA

Clár Ábhar an Fhodhlí

Alt	Mír	Sceidil Ghaolmhara agus Aguisíní Gaolmhara	Mionsonraí faoi Sceidil
	Sainmhinithe		
1-3	Talamh a Ainmniú mar Limistéar Corr-Thrádála	An Chéad Sceideal	Léarscáileanna Láithreacha
4 - 7	Uaireanta Trádála	An Dara Sceideal	Mionsonraí faoi Uaireanta Trádála
8 - 12	Táillí Ceadúnais	An Tríú Sceideal	Táille Bhliantúil Táille Imeachta
13 - 30	Ceanglais Cheadúnais	An Ceathrú Sceideal An Cúigiú Sceideal	Foirm A – Ceadúnas Bliantúil Foirm B – Imeacht Speisialta Earraí Ceadaithe
31-46	An Próiseas Iarratais	Aguisín I Aguisín II Aguisín III	Foirm Iarratais ar Cheadúnas Bliantúil Corr-Thrádála Foirm Iarratais ar Imeachtaí Speisialta Seicliosta maidir le Foirmeacha Iarratais
47-49	Trádáil Imeachta		

50	Díolúintí		
51-67	Oibriú agus Cothabháil na Bá lena n-áirítear Sláinte agus Sábháilteacht		
68-71	Sláinteachas agus Sláinteachas Bia		
72-77	Srianta Páirceála sa Limistéar Corr-Thrádála		
78	Árachas		
79	Oifigeach Údaraithe		
80 -82	Fógraí a Sheirbheáil		
83	Ginearálta		

AN CHÉAD SCEIDEAL

LÁITHREACHA CORR-THRÁDÁLA



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

Léarscáileanna

Baile

Uimhir

Léarscáile

Éadan Doire

Uimh. 1

Biorra

Uimh. 2

Cill

Uimh. 3



Chormaic

Tulach Mhór

Uimh. 4

Clóirtheach

Uimh. 5



LEGEND

CASUAL TRADING LOCATIONS



Tom Shanahan,
Director of Services
Aras an Chontae,
Charleville Rd., Tullamore.

PROJECT	Casual Trading Locations

TITLE
Site Location Map

SCALE N.T.S.	ROAD NO R 402	POLLING NO CT	STANDARD NO 01
	DATE 5/15/1968	CHASER BY D.M.C.	CHASER BY E.D.

Legend


-  Existing Paved areas
-  Existing road surface
-  Existing verge areas
-  Existing boundary walls



T. O'Sullivan (Director of Services)
 Area of Charge, Clontarf Rd., Tullamore
 J. Mitchell (Senior Executive Engineer)
 Birr Municipal District
 Chris Clifton, Wilmer Rd., Birr

Project:	Casual Trading Bye Law Map Birr MD
Title:	Marian Hall Casual Trading area
Scale:	1:500
Read No.:	TBC
Drawing No.:	CT-BRR MD 001
Date:	11/10/2023
Drawn by:	B.J.L.
Checked by:	J.M.

Details	Date	Int.	Rev.



**Casual Trading Area
 Birr
 Birr Municipal District**

Legend

-  Existing Paved areas
-  Existing Concrete footpath
-  Existing road surface
-  Existing boundary walls
-  Existing Trees
-  Existing Public Lighting
-  Existing Surface Water Gullies
-  Existing Combined Sewer Manholes


Details	Date	Int.	Rev.



T. Shanahan (Director of Services)
 Area and Community, Children's Res. & Wellbeing
 J. Macdonald (Senior Executive Engineer)
 Birr Municipal District
 Chair Officer, Water Res. Birr

Project:
 Casual Trading Bye Law Map Birr MD

Title: Kilcormac Square Casual Trading area			
Scale: 1:250	Project No.: TBC	Drawing No.: CT-BRR MD 002	Checked by: J.M.
Int AS	Date: 07/05/2023	Drawn by: S.M.	Checked by: J.M.



Casual trading areas 1-4

entrance to square off of
 Kinnitty Road

STREET

Car Parking areas

Casual Trading Area
 Kilcormac
 Birr Municipal District



Legend


Casual Trading Locations

Event Locations

OFFALY COUNTY COUNCIL

CASUAL TRADING BYELAWS 2023

FIRST SCHEDULE CASUAL TRADING LOCATIONS



Casual Trading Area / Event Area
Tullamore
Tullamore Municipal District

DESCRIPTION	DATE	INT.	REV.



Tom Shanahan,
Director of Services
Area an Chontae,
Charleville Rd., Tullamore.

PROJECT
Casual Trading Byelaws 2023


TITLE
First Schedule Casual Trading Locations

SCALE	REV	DATE	BY	CHK	DATE	BY	CHK

OFFALY COUNTY COUNCIL
CASUAL TRADING BYELAWS 2023
FIRST SCHEDULE CASUAL TRADING LOCATIONS

Legend

- Casual Trading Locations
- Event Locations



Casual Trading Area / Event Area
Clara
Tullamore Municipal District

DESCRIPTION	DATE	INT.	EXT.

Cambridge Clarke Urban Planning
Offaly County Council

Tom Shanahan,
Director of Services
Area en Chontae,
Charleville Rd., Tullamore.

PROJECT
Casual Trading Byelaws 2023

TITLE
First Schedule Casual Trading Locations

SCALE	DATE	PROJECT NO.	DATE OF	REVISION
1:1000	10/10/2023	2023/010	10/10/2023	1

AN DARA SCEIDEAL

UAIREANTA CORR-THRÁDÁLA



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

Ní dhéanfar corr-thrádáil ach amháin ag na hamanna agus na laethanta a leagtar amach thíos. Sonrófar an lá agus an t-am cruinn a cheadófar corr-thrádálaí sa cheadúnas a dheonófar.

Limistéar Ainmnithe	Uaireanta Trádála
Ceantar Bardasach Thulach Mhór	9:00 go 18:00, Luan go Domhnach agus an dá lá sin san áireamh
Ceantar Bardasach Bhiorra	9:00 go 18:00, Luan go Domhnach agus an dá lá sin san áireamh
Ceantar Bardasach Éadan Doire	9:00 go 18:00, Luan go Domhnach agus an dá lá sin san áireamh
Trádáil Imeachta	9:00am go 18:00 lá an Imeachta mar a shonrófar sa Cheadúnas

AN TRÍÚ SCEIDEAL

TÁILLÍ CORR-THRÁDÁLA



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

Is mar seo a leanas a bheidh táillí le haghaidh Cheadúnas Corr-Thrádála:

I limistéir atá ainmnithe mar Limistéir Corr-Thrádála agus a bhfuil cur síos déanta orthu sa Chéad Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo, beidh táille bhliantúil iníoctha do gach bá Corr-Thrádála mar seo a leanas:

An Cineál Ceadúnais Corr-Thrádála	Costas in aghaidh na Bá
Ceadúnas Bliantúil Corr-Thrádála	€200 in aghaidh na bá Méid na bá – nach mó ná 12 mhéadar cearnach (coibhéiseach le spás páirceála gluaisteáin amháin). Is féidir líon iolrach bána a cheannach faoi réir ag fáil a bheith orthu.
Ceadúnas Trádála Imeachta	€50 in aghaidh na bá Méid na bá – nach mó ná 12 mhéadar cearnach (coibhéiseach le spás páirceála gluaisteáin amháin). Is féidir líon iolrach bána a cheannach faoi réir ag fáil a bheith orthu.

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

FOIRM A – CEADÚNAS BLIANTÚIL



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

An tAcht Corr-Thrádála, 1995 agus

Fodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024

Dheonaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Ceadúnas Corr-Thrádála faoi Alt 4 den Acht Corr-Thrádála 1995, lena n-údaraítear corr-thrádail ag an Spás Corr-Thrádála seo;

Foirm A: Foirm an Fhógra gur gá a thaispeáint ag an mBá Chorr-Thrádála laistigh den Limistéar Corr-Thrádála

Ceadúnas Corr-Thrádála Uimh:	
Leis seo, deonaíonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí do:	
Ceadúnas chun dul i mbun Corr-Thrádála chun na hearraí seo a leanas a dhíol:	
Is iad na hUaireanta Trádála:	
Limistéar Corr-Thrádála:	
An lá a cheadaítear Corr-Thrádail a dhéanamh	
Coinníollacha Speisialta:	
Tagann an ceadúnas seo i bhfeidhm an	
Agus mura dtarraingítear siar ar shlí eile rachaidh sé in éag an:	

Tá an Ceadúnas Corr-Thrádála seo faoi réir ag comhlíonadh iomlán le Fodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024.

Sínithe: _____

Oifigeach Údaraithe, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

FOIRM B – IMEACHT SPEISIALTA



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

An tAcht Corr-Thrádála, 1995 agus

Fodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024

Foirm B Foirm an Fhógra gur gá a thaispeáint ag imeacht nó ag imeachtaí arna shonrú nó arna sonrú i gCeadúnas Corr-Thrádála agus atá oscailte don phobal, is cuma más rud é go bhfuil táille gearrtha ina leith nó más rud é go bhfuil siad saor in aisce, le bheith curtha suas díreach in aice na háite sin ar an lá a dtarlaíonn an imeacht i gceist.

Ceadúnas Corr-Thrádála Uimh:	
Leis seo, deonaíonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí do:	
Ceadúnas chun dul i mbun Corr-Thrádála chun na hearraí seo a leanas a dhíol:	
Is iad na hUaireanta Trádála:	
Limistéar Corr-Thrádála:	
An lá a cheadaítear Corr-Thrádail a dhéanamh:	
Coinníollacha Speisialta:	
Tagann an ceadúnas seo i bhfeidhm an:	
Agus mura dtarraingítear siar ar shlí eile é, rachaidh sé in éag an:	

Tá an Ceadúnas Corr-Thrádála seo faoi réir ag comhlíonadh iomlán le Fodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024.

Sínithe: _____

Oifigeach Údaraithe, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

AN CÚIGIÚ SCEIDEAL

EARRAÍ CEADAITHE



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

An tAcht Corr-Thrádála, 1995 agus

Fodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024

Táirgí bia arna dtáirgeadh go háitiúil nó go réigiúnach a fhástar, a tháirgtear, a mbeirtear orthu, a ghrúdaítear, a phiciltear, a bhácáiltear, a dheataítear nó a phróiseáiltear ag an táirgeoir baile, agus atá ar ardchaighdeán.

Earraí ealaíon agus ceardaíochta arna dtáirgeadh go háitiúil nó go réigiúnach, arna monarú ag an sealbhóir ceadúnais agus atá ar chaighdeán eisceachtúil.

Táirgí nó earraí eile, a mheastar, de réir a gcineáil/a nuachta/ a n-uathúlachta /a n-ardcháilíochta, go bhféadfaidís cur le tarraingtacht agus éagsúlacht fhoriomlán an mhargaidh.

Nithe eile de réir mar a fhaomhfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí iad.

AGUISÍN I



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

An tAcht Corr-Thrádála, 1995 agus
Fodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024
Foirm Iarratais ar Cheadúnas Bliantúil Corr-Thrádála

Ainm an Iarratasóra:	
Seoladh Poist Iomlán:	
Uimhir Theileafóin:	
Seoladh Ríomhphoist:	
Gairm Bheatha:	
Limistéar Ainmnithe is mian leat trádáil ann:	
Cineál earraí is mian leat a dhíol:	
Breac-chuntas ar shocrúithe chun plé le bruscar:	
Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí:	
Uimhir Thaghartha Cánach:	
An ndearna tú trádáil i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí roimhe seo?	
Má rinne, tabhair an láthair agus an cineál earraí a díoladh:	
Tabhair mionsonraí faoin gcineál stalla a úsáideann tú do do ghníomhaíocht, lena n-áirítear airde, doimhneacht, leithead, soláthar cumhachta agus líon foirne:	
Sonraigh cá mhéad bána Corr-Thrádála atá uait. (Díoltar bána in iolruithe 12 mhéadar cearnach:	

Is mian liom iarratas a dhéanamh chuig Ceantar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ar Cheadúnas Corr-Thrádála chun na críche ar a dtugtar tuairisc san iarratas seo agus i gcomhréir le forálacha an Achta Corr-Thrádála, 1995 agus Fodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024.

DEARBHAÍM: -

Nár ciontaíodh mé in dhá chion nó níos mó faoin Acht Corr-Thrádála, 1995, laistigh de thrí bliana roimh an dáta a bheartaím tosú ar an gcorr-thrádail.

Tá na mionsonraí a thug mé thuas agus aon fhaisnéis bhreise a sholáthraím le m'iarratas ceart agus cuirim faoi iamh leis íocaíocht €_____, arb í sin an táille a shocraítear le Fodhlí ag an Údarás Áitiúil faoi Alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995.

I gcás go ndeonófar Ceadúnas Corr-Thrádála orm, aontaím cloí leis na rialacha a rialaíonn an Chorr-Thrádail mar a leagtar amach iad i bhFodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024.

Tabharfaidh mé fógra do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí i gcás athrú ar an seoladh poist a thugtar san fhoirm iarratais seo.

Dearbhaím go bhfuil an doiciméadacht uile is gá de réir an tseicliosta a ghabhann leis seo curtha faoi iamh agam.

Síniú an Iarratasóra: _____

Dáta: _____

[N.B. Tabhair faoi deara go seolfar ar ais iarratais neamhiomlána]

ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN

Dáta a fuarthas an t-iarratas _____

Táille Iarratais _____

Uimh. Admhála _____

Dáta _____

Ceadúnas Corr-Thrádála Deonaithe/Diúltaithe _____

Dáta _____

AGUISÍN II



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

An tAcht Corr-Thrádála, 1995 agus
Fodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024
Foirm Iarratais ar Cheadúnas le haghaidh Imeachta

Ainm an Iarratasóra:	
Seoladh Poist Iomlán:	
Uimhir Theileafóin:	
Seoladh Ríomhphoist:	
Gairm Bheatha:	
Imeacht is mian leat trádáil ann:	
Dáta tosaithe an imeachta:	
Dáta deiridh an imeachta:	
Limistéar ainmnithe is mian leat trádáil ann:	
Cineál earraí is mian leat a dhíol:	
Breac-chuntas ar shocrúithe chun plé le brúscar:	
Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí:	
Uimhir Thagartha Cánach:	
An ndéarna tú trádáil i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí roimhe seo?	
Má rinne, tabhair an láthair agus an cineál earraí a díoladh:	
Tabhair mionsonraí faoin gcineál stalla a úsáideann tú do do ghníomhaíocht, lena n-áirítear airde, doimhneacht, leithead, soláthar cumhachta agus líon foirne:	
Sonraigh cá mhéad banna Corr-Thrádála atá uait. (Díoltar banna in iolraithe 12 mhéadar cearnach):	

Is mian liom iarratas a dhéanamh chuig Ceantar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ar Cheadúnas Corr-Thrádála chun na críche ar a dtugtar tuairisc san iarratas seo agus i gcomhréir le forálacha an Achte Corr-Thrádála, 1995 agus Fodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024.

DEARBHAÍM: -

Nár ciontaíodh mé in dhá chion nó níos mó faoin Acht Corr-Thrádála, 1995, laistigh de thrí bliana roimh an dáta a bheartaím tosú ar an gcorr-thrádail.

Tá na mionsonraí a thug mé thuas agus aon fhaisnéis bhreise a sholáthraím le m'iarratas ceart agus cuirim faoi iamh leis íocaíocht €_____, arb í sin an táille a shocraítear le Fodhlí ag an Údarás Áitiúil faoi Alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995.

I gcás go ndeonófar Ceadúnas Corr-Thrádála orm, aontaím cloí leis na rialacha a rialaíonn an Chorr-Thrádail mar a leagtar amach iad i bhFodhlithe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024.

Tabharfaidh mé fógra do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí i gcás athrú ar an seoladh poist a thugtar san fhoirm iarratais seo.

Dearbhaím go bhfuil an doiciméadacht uile is gá de réir an tseicliosta a ghabhann leis seo curtha faoi iamh agam.

Síniú an Iarratasóra: _____

Dáta: _____

[N.B. Tabhair faoi deara go seolfar ar ais iarratais neamhiomlána]

ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN

Dáta a fuarthas an tIarratas _____

Táille Iarratais _____

Uimh. Admhála _____

Dáta _____

Ceadúnas Corr-Thrádála Deonaithe/Diúltaithe _____

Dáta _____

AGUISÍN III



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

An tAcht Corr-Thrádála, 1995 agus
Fodhlíthe Corr-Thrádála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2024

Seicliosta d'Iarratasóirí

1. Tabhair faoi deara nach mór duit na nithe seo a leanas ar fad a chur isteach le go nglacfar le d'iarratas mar iarratas bailí: -
2. Foirm iarratais atá comhlánaithe go hiomlán agus sinithe.
3. Fianaise ar chlúdach Árachais Dlíteanais Phoiblí iomchuí reatha is fiú €6.35m é, a shlánaíonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí.
4. Uimhir Thagartha Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.
5. Mionsonraí faoin Stalla atá le húsáid ag an duine a rachaidh i mbun Corr-Thrádála, e.g. cineál, airde, toisi, etc.
6. Mionsonraí faoi Mhodh Oibriúcháin agus Cothabháil na hÁite Trádála.
7. Dearbhaigh cibé an bhfuil sé i gceist agat aon trealamh a úsáid i ndáil le do ghníomhaíocht Chorr-Thrádála, e.g. áiseanna cócaireachta, etc? Tá/Níl.
8. Má tá, tabhair mionsonraí.
9. An Táille iarratais iomchuí.
10. Léirigh cibé an mbeartaíonn tú cúntóir a bheith agat a fheidhmeoidh mar Ghníomhaire chun críche Corr-Thrádála, agus má tá tabhair mionsonraí iomlána, i.e. ainm, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist (más ann dó) agus aitheantas.
11. Má bhaineann an t-iarratas le díolachán bia, cóip den Deimhniú ó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi na Rialacháin Sláinteachais Bia.
12. 2 chineál d'Aitheantas Fótagrafach – Pas/Ceadúnas Tiomána agus cruthúnas ar sheoladh e.g. Bille Fónais.
13. Ráiteas ó dhuine inniúil go bhfuil an struchtúr sábháilte.
14. Faisnéis RGCS– Féadfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí faisnéis phearsanta a iarraidh ort. Teastaíonn an fhaisnéis sin chun d'iarratas ar cheadúnas Corr-Thrádála/Trádála Imeachta a phróiseáil. Tabhair faoi deara:
 - a. Bailítear d'fhaisnéis chun iarratais ar Cheadúnas Corr-Thrádála/Trádála Imeachta a phróiseáil.
 - b. Déantar foráil don bhunús dlí faoin Acht Corr-Thrádála 1995.

15. I gcás go n-éireoidh le d'iarratas, d'fhéadfadh sé gur gá d'fhaisnéis a roinnt leis na comhlachtaí reachtúla i.e. na Coimisinéirí Ioncaim agus an tAire Leasa Shóisialaigh.
16. I gcás go ndeonófar an Ceadúnas Corr-Thrádála/Trádála Imeachta, coinneofar an fhaisnéis a sholáthraíonn tú go slán ar feadh tréimhse suas le seacht mbliana.
17. I gcás nach soláthraíonn tú na sonraí pearsanta a éilítear faoin Acht Corr-Thrádála 1995 agus faoi na Fodhlíthe Corr-Thrádála 2024, ní bheidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí in ann d'iarratas a phróiseáil.

DRÉACHT

DRAFT

DRAFT

